



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2026
(OR. en)

11791/26

ENT 193
MI 770
IND 480
COMPET 944
SAN 582
ENV 930
CHIMIE 98

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	9 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	D(2026) 112095
Ábhar:	RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carcanaiginí, só-ghineacha gaiméite nó tocsainí atáirgthe atá faoi réir srianta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2026) 112095.

Faoi iamh:D(2026) 112095



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, **XXX**
D112095/05
[...] (2026) **XXX** draft

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón
gComhairle a mhéid a bhaineann le carcanaiginí, só-ghineacha gaiméite nó tocsainí
atáirgthe atá faoi réir srianta**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an **XXX**

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le carcanaiginí, só-ghineacha gaiméite nó tocsainí atáirgthe atá faoi réir srianta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún, chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún¹, agus go háirithe Airteagal 68(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Maidir le substaintí a aicmítear mar charcanaigin, só-ghineach gaiméite nó tocsain atáirgthe (CMR) de chatagóir 1A nó 1B i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², agus a liostaítear i bhFoscscríbhinní 1 go 6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, le hiontrálacha 28, 29 agus 30 a leagtar amach sa Tábla in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, cuirtear toirmeasc ar iad a chur ar an margadh agus a úsáid lena soláthar don phobal i gcoitinne, agus leathnaítear an toirmeasc sin chun meascáin ina bhfuil na substaintí sin i dtiúchan sainithe a chumhdach freisin.
- (2) Cuimsíodh i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 arna leasú le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2024/2564³ agus (AE) 2025/1222 ón gCoimisiún⁴ aicmithe comhchuibhithe nua substaintí mar CMR de chatagóirí 1A agus 1B. Thairis sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 cuireadh iontrálacha nua in ionad iontrálacha áirithe le haghaidh tocsain atáirgthe de chatagóir 1B. Is iomchuí, dá bhrí sin, Foscscríbhinní 1, 2, 4 agus 6 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a thabhairt

¹ IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj>.

² Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj>).

³ Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe (IO L, 2024/2564, 30.9.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg_del/2024/2564/oj).

⁴ Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1222 ón gCoimisiún an 2 Aibreán 2025 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe (IO L, 2025/1222, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1222/oj).

cothrom le dáta chun na substaintí nua-aicmithe a áireamh agus chun iontrálacha atá ann cheana a ionadú.

- (3) Beidh feidhm ag na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a rinneadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 ón 1 Bealtaine 2026. Beidh feidhm ag na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a rinneadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1222 ón 1 Feabhra 2027. Ós rud é go dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm tar éis an 1 Bealtaine 2026, an srian a thugtar isteach leis an Rialachán seo agus a bhaineann leis na substaintí a aicmítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 mar CMR de chatagóirí 1A agus 1B, ba cheart feidhm a bheith ag an srian sin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Os a choinne sin, an srian a bhaineann leis na substaintí a aicmítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1222 mar CMR de chatagóirí 1A agus 1B, ba cheart feidhm a bheith ag an srian sin ón 1 Feabhra 2027. Ní chuireann dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo cosc ar oibreoirí na srianta a bhaineann le CMR de chatagóirí 1A agus 1B a liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin Tharmligthe (AE) 2024/2564 agus (AE) 2025/1222 a chur i bhfeidhm níos luaithe.
- (4) Ba cheart na huimhreacha CAS a liostaítear le haghaidh trí shubstaint dá dtagraítear i bhFoscscríbhinní 1 agus 2 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a thabhairt cothrom le dáta chun sainathint cothrom le dáta na dtrí shubstaint sin a léiriú, agus chun soiléireacht agus cruinneas a áirithiú i gcur i bhfeidhm an tsriain.
- (5) Tar éis aicmiú luaidhe, i bhfoirm púdair agus i bhfoirm théagartha araon, agus tar éis fhormhór na gcomhdhúl luaidhe a aicmiú mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1A, Foscscríbhinn 5 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, leasaíodh í le Rialachán (AE) 2017/1510 ón gCoimisiún⁵ chun luaidhe a chur san áireamh (Uimh. CE 231-100-4; Uimh. CAS 7439-92-1) i bhfoirm púdair [trastomhas cáithníní < 1 mm]⁶ agus i bhfoirm théagartha araon [trastomhas cáithníní ≥ 1 mm]⁷. Leasaíodh an Fhoscscríbhinn sin freisin le Rialachán (AE) 2023/1132 ón gCoimisiún⁸ chun formhór na gcomhdhúl luaidhe a chur san áireamh⁹. Dá bhrí sin, tagann luaidhe, i bhfoirm púdair agus i bhfoirm théagartha araon, agus formhór na gcomhdhúl luaidhe faoi raon feidhme iontráil 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus tá toirmeasc ar iad a chur ar an margadh agus a úsáid lena soláthar don phobal i gcoitinne mar shubstaintí leo féin, i meascáin nó mar chomhábhar de shubstaintí eile.
- (6) De réir Airteagal 3(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, is éard atá in earra réad a dtugtar cruth, dromchla nó dearadh ar leith dó le linn a tháirgthe a chinneann a fheidhm ar bhealach níos cuimsithí ná a chomhdhéanamh ceimiceach. A mhéid a bhaineann le tromáin iascaireachta, is é an fheidhm atá acu meáchan a sholáthar d'fheistí iascaireachta, amhail doruithe nó baoití. Ní mór formhór na dtromán iascaireachta a

⁵ Rialachán (AE) 2017/1510 ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2017 lena leasaítear na Foscscríbhinní d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) a mhéid a bhaineann le substaintí CMR (IO L 224, 31.8.2017, lch. 110, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1510/oj>).

⁶ Uimh. Innéacs 082-013-00-1.

⁷ Uimh. Innéacs 082-014-00-7.

⁸ Rialachán (AE) 2023/1132 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le substaintí atá carcanaigineach, só-ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh agus atá faoi réir srianta (IO L 149, 9.6.2023, lch. 49, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1132/oj>).

⁹ Seachas na cinn a shonraítear in áit eile in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Féach Uimh. Innéacs 082-001-00-6.

bheith trom, dlúth agus cobhsaí ó thaobh ceimiceán de chun a bhfeidhm a chomhlíonadh. Tá baint dhíreach ag na saintréithe sin le comhdhéanamh ceimiceach na dtromán iascaireachta. I gcás fhormhór na dtromán iascaireachta, d'fhéadfaí a mheas nach bhfuil cruth, dromchla agus dearadh an tromáin chomh hábhartha céanna d'fheidhm an tromáin agus atá an comhdhéanamh ceimiceach. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfaí a mheas nach earraí de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 iad formhór na dtromán iascaireachta, ach gur substaintí nó meascáin iad. Mar thoradh air sin, tromáin iascaireachta ina bhfuil luaidhe nó comhdhúile luaidhe ('tromáin iascaireachta luaidhe') a aicmítear mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1A agus a liostaítear i bhFoscscríbhinn 5 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, d'fhéadfaidís a bheith faoi réir na bhforálacha a leagtar amach in iontráil 30 den Iarscríbhinn sin.

- (7) An tráth céanna, tagann tromáin iascaireachta luaidhe faoi raon feidhme próisis shrianta shonraigh faoi Airteagal 69(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, próiseas a thionscain an Coimisiún an 16 Iúil 2019¹⁰. Le linn an phróisis sin, tháinig an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') ar an gconclúid¹¹ go bhfuil riosca ag baint le luaidhe nó a comhdhúile i dtácla iascaireachta áirithe, lena n-áirítear tromáin iascaireachta, don chomhshaol agus do shláinte an duine nach ndéantar rialú leordhóthanach air agus nach mór aghaidh a thabhairt air ar fud an Aontais. Mhol an Ghníomhaireacht coinníollacha sonracha srianta chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a sainaithníodh le tácla iascaireachta luaidhe. Shainaithin sí an tácla iascaireachta ina bhfuil riosca mór ag baint le luaidhe agus inar cheart, dá bhrí sin, srian a chur léi, agus an tácla iascaireachta ina bhféadfaí luaidhe a cheadú mar gheall ar rioscaí níos ísle nó easpa roghanna malartacha oiriúnacha eile. Mhol an Ghníomhaireacht freisin idirthréimhsí d'fhaid éagsúla chun an srian a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha éagsúla tácla iascaireachta luaidhe, ag brath ar na rioscaí a bhaineann leo agus ar infhaighteacht roghanna malartacha. De réir mholtaí na Gníomhaireachta, ba cheart iontráil 63 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a leasú chun srianta sonracha a thabhairt isteach maidir le luaidhe nó a comhdhúile a chur ar an margadh agus a úsáid i dtácla iascaireachta, lena n-áirítear tromáin iascaireachta luaidhe.
- (8) Leis na forálacha a leagtar amach in iontráil 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tugtar aghaidh go cineálach ar na rioscaí a bhaineann le haon substaint a áirítear i bhFoscscríbhinn 5 nó 6 mar gheall ar a haicmiú comhchuibhithe mar chatagóir 1A nó 1B atá tocsaineach don atáirgeadh, nuair a sholáthraítear an tsubstaint léi féin, i meascán nó mar chomhábhar de shubstaintí eile don phobal i gcoitinne. Ós rud é go mbeadh aon leasú ar iontráil 63 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 bunaithe ar mholtaí lena dtugtar aghaidh go sonracha ar na rioscaí a bhaineann le tromáin iascaireachta luaidhe, lena n-áirítear rioscaí le haghaidh úsáideoirí tromán iascaireachta, tá sé níos iomchuí, dá bhrí sin, gan rialáil a dhéanamh ach ar thromáin iascaireachta luaidhe a chur ar an margadh agus a úsáid i gcomhthéacs leasú ar leith ar iontráil 63 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Dá bhrí sin, ba cheart maolú ar iontráil 30 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 a dheonú maidir le luaidhe agus a comhdhúile, astu féin, i meascáin nó mar chomhábhair de shubstaintí

¹⁰ https://echa.europa.eu/documents/10162/17233/rest_lead_ammunition_COM_request_en.pdf.

¹¹ An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, *Annex XV Restriction Report – Lead in outdoor shooting and fishing* [Tuarascáil Srianta Iarscríbhinn XV – Luaidhe i lámhach amuigh faoin aer agus in iascaireacht], 24 Márta 2021, <https://echa.europa.eu/documents/10162/da9bf395-e6c3-b48e-396f-afc8dcef0b21>.

eile in aon tromán iascaireachta a chur ar an margadh agus a úsáid lena soláthar don phobal i gcoitinne.

- (9) Áirítear ocsaíd dénítrigine i bhFoscúbhinn 6 a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (Uimh. CE 233-032-0; Uimh. CAS 10024-97-2) toisc gur aicmíodh í mar thocsain atáirgthe de chatagóir 1B. Mar sin féin, údaraítear an tsubstaint mar bhreiseán bia (ocsaíd nítriúil (E 942)) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008¹². Go sonrach, i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an Rialachán sin, féadfar an tsubstaint sin a chur ar an margadh agus a úsáid i ngach catagóir bia agus i mbreiseáin bhia, in einsímí bia agus i mblastáin bhia ag *quantum satis*. Tá a húsáid mar bhreiseán bia faoi réir athmheastóireacht sábháilteachta a dhéanfaidh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) mar chuid den chlár athmheastóireachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 257/2010 ón gCoimisiún¹³. Is iomchuí maolú ar an srian faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 chun an úsáid a bhaineann an pobal i gcoitinne as ocsaíd dénítrigine mar bhreiseán bia a cheadú chomh maith le láithreacht na substainte i mbia nó i bpacáistíocht bhia. Thairis sin, is iomchuí clásal athbhreithniúcháin a chur isteach maidir leis an maolú lena gceadaítear don phobal i gcoitinne ocsaíd dénítrigine a úsáid mar bhreiseán bia, chun a áirithiú go ndéanfaí athbhreithniú ar an maolú sin dá mba rud é go n-éileodh toradh athmheastóireacht EFSA athrú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008.
- (10) Mar a chuir an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) i dtábhacht, is eol freisin go mbaintear mí-úsáid as ocsaíd dénítrigine mar dhrua, rud is cúis le nimhiú agus ábhair imní eile, lena n-áirítear ábhair imní maidir le néarthocsaineacht, mar gheall ar ionanálú minic nó trom na substainte. Cé nach ndírítear go sonrach ar chosc a chur ar mhí-úsáid ocsaíde dénítrigine mar dhrua ná ar aghaidh a thabhairt ar airíonna guaiseacha ocsaíde dénítrigine, agus maolú á dheonú chun úsáid ocsaíde dénítrigine mar bhreiseán bia a cheadú, ba cheart a chur san áireamh go bhféadfaí an maolú a shaothrú chun an tsubstaint a dhíol mar dhrua. Ar thaobh amháin, d'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as cartúis ina bhfuil ocsaíd dénítrigine. Ar an taobh eile, ní thugann dáileoirí aerasóil ina bhfuil ocsaíd dénítrigine rochtain réidh ar an tsubstaint agus dá bhrí sin ní dócha go mbainfear mí-úsáid astu. Dá bhrí sin, chun an fhéidearthacht go mbainfí mí-úsáid aisti a íoslaghdú, ba cheart a chur san áireamh sa mhaolú coinníollacha sonracha maidir le cartúis ina bhfuil ocsaíd dénítrigine a dhíol, amhail srianta ar uaschion na substainte is féidir a sholáthar do dhaoine den phobal i gcoitinne, chomh maith le srianta aoise ar chartúis ina bhfuil an tsubstaint a dhíol.
- (11) D'fhéadfadh coimeádáin bhrúcháirthe d'ocsaíd dénítrigine a bheith ina gcúis le rioscaí móra pléasctha ag céim na dramhaíola. Mar sin féin, ní mheastar go mbeidh ábhair imní ann le linn láimhseáil dramhaíola mar thoradh ar an maolú le haghaidh cartúis bheaga agus dáileoirí aerasóil ina bhfuil ocsaíd dénítrigine.
- (12) I roinnt Ballstát, ceadaítear ocsaíd dénítrigine a úsáid i mótarspóirt freisin chun feidhmíocht an mhótair a mhéadú. Tarlaíonn an úsáid sin go háirithe i gcás mótarspóirt caithimh aimsire ina bhfuil na gluaisteáin feistithe le córas dúnta a chumasaíonn úsáid ocsaíde dénítrigine a chuirtear isteach i gcoimeádáin mhóra speisialta. Dá gcuirfí cosc ar úsáid ocsaíde dénítrigine, cheanglófaí ar iomaitheoirí mótarspóirt caithimh aimsire éirí

¹² Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1333/oj>).

¹³ Rialachán (AE) Uimh. 257/2010 ón gCoimisiún an 25 Márta 2010 lena mbunaítear clár maidir le hathmheastóireacht ar bhreiseáin bhia fhormheasta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breiseáin bia (IO L 80, 26.3.2010, lch. 19, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/257/oj>).

as an spórt go hiomlán nó substaintí malartacha a úsáid, rud a d'fhéadfadh a bheith róchostasach do chuid de na hiomaitheoirí sin toisc go mbeadh orthu an fheithicil a athfheistiú nó a athsholáthar. D'fhéadfadh aistriú ó imeachtaí eagraithe, rialaithe ó thaobh sábháilteachta de agus deimhnithe go himeachtaí neamhoifigiúla neamhrialaithe a bheith mar thoradh air sin freisin, rud a mhéadódh an riosca go mbeadh rochtain neamhrialaithe ar an tsubstaint lena n-éascaítear mí-úsáid drugaí agus a dhéanfadh dochar freisin don tsábháilteacht ar bhóithre agus d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith aige sin le haghaidh iomaitheoirí mótaraspórt agus úsáideoirí bóthair eile. Dá bhrí sin, ba cheart maolú maidir le húsáid ocsaíde dénítrigine i mótarspóirt a cheadú faoi choinníollacha áirithe.

- (13) Ós rud é go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as an maolú le haghaidh mótaraspórt trí ocsaíd dénítrigine a úsáid mar dhrua, níor cheart soláthar agus úsáid na substainte a cheadú ach amháin le haghaidh iomaitheoirí mótaraspórt sna Ballstáit sin ina n-eisítear nó ina n-aithnítear ceadúnais phearsanta le haghaidh an tsoláthair agus na húsáide sin.
- (14) Is féidir coimeádáin ocsaíde dénítrigine a úsáidtear i mótarspóirt a athlónadh. Nuair a shroicheann siad céim na dramhaíola tar éis blianta fada úsáide, déantar iad a dhíchomhbhrú mar chuid den chleachtas caighdeánach. Dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh ábhair inmí ann le linn láimhseáil dramhaíola mar thoradh ar an maolú le haghaidh mótaraspórt.
- (15) Chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist na sláinte poiblí, a dhéanann difear do dhaoine óga den chuid is mó, maidir le mí-úsáid ocsaíde dénítrigine mar dhrua áineasa nuair a úsáidtear í i mbia, i mbreiseáin bhia agus i gcoimeádáin áirithe mótaraspórt, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit bearta níos déine a choinneáil ar bun i ndáil leis sin.
- (16) An maolú ar fhorálacha iontráil 30, a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, a deonaíodh le hiontráil 1 d'Fhoscríbhinn 11 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann leis an Rialachán sin, tháinig deireadh leis an 1 Meitheamh 2013, agus dá bhrí sin ba cheart é a scriosadh.
- (17) Ceanglaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 gur cheart, chun críoch aicmithe, tiúchan substainte aicmithe i meascán a mheas, agus i gcás inarb infheidhme, gur cheart suim thiúchan na substaintí aicmithe aonair a chur san áireamh freisin, i gcomhréir leis na rialacha suimitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus i gCuid 1 d'Iarscríbhinn VI, a ghabhann leis an Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart iontrálacha 28, 29 agus 30, a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, a leasú chun a áirithiú go leanfaidh an srian na rialacha suimitheachta a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, agus ar an gcaoi sin comhsheasmhacht agus comhleanúnachas le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 a choinneáil ar bun.
- (18) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 133(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointí (2)(b), 3(g), (h) agus (i), (4)(b), (5)(h) go (m) agus (6)(c) den Iarscríbhinn ón 1 Feabhra 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula von der Leyen